**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile*

**2022/2120(DEC))**

2.3.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) don bhliain airgeadais 2021
(2022/2120(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Saskia Bricmont

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur geal léi gur dhearbhaigh an Chúirt Iniúchóirí ('an Chúirt') go bhfuil na hidirbhearta is bonn le cuntais bhliantúla Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) don bhliain airgeadais 2021 dlíthiúil agus rialta i ngach gné ábharach; á thabhairt dá haire, de réir a ráitis ioncaim agus caiteachais, gur mhéadaigh a bhuiséad in 2021 go EUR 53.3 milliún, arb ionann é agus méadú 27.81 % i gcomparáid le 2020, agus gur mhéadaigh a fhoireann ó 242 go 254 (+ 4.95 %);

   á thabhairt dá haire gur tháinig méadú 15 % ar chásobair; á chur in iúl gur geal léi gur chuir Eurojust 99.97 % dá bhuiséad deiridh chun feidhme, cé is moite d'ioncam sannta seachtrach, agus nár cuireadh ar ceal ach 2.6 % den EUR 6.2 milliún a tugadh anonn ó 2020;

2. á thabhairt dá haire go bhfuil Eurojust ar cheann de 22 ghníomhaireacht de chuid an Aontais ar thuairiscigh an Chúirt conarthaí ina leith a ndearna easnaimh sa soláthar poiblí difear dóibh; á mheabhrú gur léirigh torthaí na Cúirte gur shínigh Eurojust creatchonradh in 2018 le cuideachta aonair chun feithiclí a léasú, agus á thabhairt dá haire, ós rud é go bhfuil an margadh léasaithe feithiclí faoi réir luaineachtaí rialta sa phraghas gur cheart do Eurojust an nós imeachta soláthair a athoscailt nuair a bhí gá le feithicil; á thabhairt dá haire gur measadh sa tuarascáil iniúchóireachta don bhliain airgeadais 2020 go raibh nós imeachta soláthair maidir le feithiclí a léasú neamhrialta agus go raibh na híocaíochtaí uile a rinneadh ina dhiaidh sin bunaithe ar an gcreatchonradh sin neamhrialta; á thabhairt dá haire, maidir leis an mbreathnóireacht leanúnach ón gCúirt ó 2020 i leith ar dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart, gur tuairiscítear go bhfuil stádas na gníomhaíochta ceartaithí idir lámha agus tá foráil déanta maidir le leigheasanna cheana féin; á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh na cásanna sin damáiste a dhéanamh do chlú Eurojust; á iarraidh ar Eurojust tuairisciú don údarás um urscaoileadh maidir le dul chun cinn na ngníomhaíochtaí ceartaitheacha a rinneadh;

3. á chur in iúl gur mór aici gníomhaíochtaí fairsinge Eurojust maidir le tacaíocht agus comhordú a dhéanamh ar obair na n-údarás breithiúnach náisiúnta maidir le coireanna tromchúiseacha trasteorann a imscrúdú agus a ionchúiseamh; á chur in iúl gur geal léi gur thairg an ghníomhaireacht, den chéad uair, tacaíocht do bhreis agus 10 000 imscrúdú coiriúil trasteorann, gur sholáthair sí 1 928 mearfhreagairt ar iarrataí ar chomhar breithiúnach agus go raibh sí rannpháirteach i mbreis agus 1 400 oibríocht ar mhórscála agus gur ráthaigh sí tacaíocht dhlíthiúil, airgeadais agus/nó oibríochtúil do 254 fhoireann chomhpháirteacha um imscrúdú;

4. á thabhairt dá haire go bhfuil comhar leanúnach idir Eurojust agus Gníomhaireachtaí CGB eile; á chur in iúl gur geal léi an socrú oibre le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) a síníodh i mí Feabhra 2021 agus an dlúthchomhar leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint

Sonraí (MECS) agus gur lean Eurojust de bheith ag comhoibriú leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach (EJN), rud a thug líon na gcásanna a tarchuireadh chuig EJN go 44 in 2021;

5. Tacú leis an gcomhar idir Eurojust leGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha(FRA) a neartú tuilleadh, go háirithe i ndáil le fadhbanna a bhaineann le coinníollacha coinneála, rochtain ar dhlíodó leirí, agus cearta íospartach;

6. á thabhairt dá haire gur tharla an chéad iniúchadh cosanta sonraí a rinne MECS ar ghníomhaíochtaí cosanta sonraí Eurojust in 2021, agus gur chinn MECS, ar an iomlán, go raibh comhlíonadh Eurojust leis an gcreat cosanta sonraí sásúil, gan aon saincheisteanna criticiúla a bheith ann;

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 1.3.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 59<br>–: 0<br>0: 5 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Katarina Barley, Pietro Bartolo, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Karolin Braunsberger-Reinhold, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Patricia Chagnon, Caterina Chinnici, Clare Daly, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in 't Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Fabienne Keller, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Erik Marquardt, Nuno Melo, Maite Pagazaurtundúa, Karlo Ressler, Diana Riba i Giner, Birgit Sippel, Sara Skyttedal, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Annalisa Tardino, Tomas Tobé, Yana Toom, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Jadwiga Wiśniewska, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Susanna Ceccardi, Gwendoline Delbos-Corfield, Loucas Fourlas, Beata Kempa, Philippe Olivier, Dragoş Tudorache, Petar Vitanov, Tomáš Zdechovský |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Gheorghe Falcă, Jean-François Jalkh, Petra Kammerevert, Marisa Matias, Martina Michels, Ljudmila Novak, Stanislav Polčák, Mick Wallace, Bernhard Zimniok |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 59 | + |
|---|---|
| CLE | Patryk Jaki, Assita Kanko, Beata Kempa, Vincenzo Sofo, Jadwiga Wiśniewska |
| ID | Susanna Ceccardi, Annalisa Tardino, Tom Vandendriessche |
| EPP | Magdalena Adamowicz, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Karolin Braunsberger-Reinhold, Lena Düpont, Gheorghe Falcă, Loucas Fourlas, Andrzej Halicki, Jeroen Lenaers, Nuno Melo, Ljudmila Novak, Stanislav Polčák, Karlo Ressler, Sara Skyttedal, Tomas Tobé, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský |
| Renew | Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Maite Pagazaurtundúa, Ramona Strugariu, Yana Toom, Dragoş Tudorache |
| S&D | Katarina Barley, Pietro Bartolo, Caterina Chinnici, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Marina Kaljurand, Petra Kammerevert, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Birgit Sippel, Petar Vitanov |
| The Left | Clare Daly, Marisa Matias, Martina Michels, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Gwendoline Delbos-Corfield, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Diana Riba i Giner, Tineke Strik |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 5 | 0 |
|---|---|
| ID | Patricia Chagnon, Jean-François Jalkh, Philippe Olivier, Bernhard Zimniok |
| NI | Milan Uhrík |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh